2024/3027

10.12.2024

CINNEADH (AE) 2024/3027 ÓN gCOMHAIRLE

an 19 Samhain 2024

lena gceaptar beirt chomhaltaí agus cúigear comhaltaí malartacha, arna moladh ag Poblacht na Portaingéile, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó rialtas na Portaingéile,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 20 Eanáir 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/102 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025. An 12 Aibreán 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2022/666 ([3]), lena gceaptar beirt chomhaltaí agus cúigear comhaltaí malartacha, arna moladh ag Poblacht na Portaingéile, de Choiste na Réigiún.

(3) Tá suíocháin bheirt chomhaltaí ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Isilda Maria Prazeres DOS SANTOS VARGES GOMES agus Hélder António GUERRA DE SOUSA SILVA éirí as oifig.

(4) Tá suíocháin triúr comhaltaí malartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis na sainorduithe náisiúnta ar dá mbun a moladh Anabela GASPAR DE FREITAS, Luís Carlos PITEIRA DIAS agus Carlos SILVA SANTIAGO a cheapadh.

(5) Tiocfaidh suíocháin bheirt chomhaltaí mhalartacha chun bheith folamh tar éis cheapadh Vítor Manuel MARTINS GUERREIRO agus Carlos André TELES PAULO DE CARVALHO mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún.

(6) Mhol rialtas na Portaingéile na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás áitiúil, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Vítor Manuel MARTINS GUERREIRO, *Presidente, Câmara Municipal de São Brás de Alportel* (Méara, Bardas S. Brâs de Alportel) agus Carlos André TELES PAULO DE CARVALHO, *Presidente, Câmara Municipal de Tabuaço* (Méara, Bardas Tabuaço).

(7) Mhol rialtas na Portaingéile na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás áitiúil, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: João Maria ARANHA GRILO, *Presidente, Câmara Municipal do Alandroal* (Méara, Bardas Alandroal), Cristina Lasalete CARDOSO VIEIRA, *Presidente, Câmara Municipal do Marco de Canaveses* (Méara, Bardas Marco de Canaveses), Hugo Manuel DOS SANTOS MARTINS, *Presidente, Câmara Municipal de Odivelas* (Méara, Bardas Odivelas), José Manuel GONÇALVES, *Presidente, Câmara Municipal do Peso da Régua* (Méara, Bardas Peso da Régua), agus Rogério David SÁDIO DA SILVA, *Presidente, Câmara Municipal de Fronteira* (Méara, Bardas Fronteira),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/852/oj.

([2]) Cinneadh (AE) 2020/102 ón gComhairle an 20 Eanáir 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 20, 24.1.2020, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/102/oj).

([3]) Cinneadh (AE) 2022/666 ón gComhairle an 12 Aibreán 2022 lena gceaptar beirt chomhaltaí agus cúigear comhaltaí malartacha, arna moladh ag Poblacht na Portaingéile, de Choiste na Réigiún (IO L 121, 22.4.2022, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/666/oj).

(a) mar chomhaltaí:

— Vítor Manuel MARTINS GUERREIRO, *Presidente, Câmara Municipal de São Brás de Alportel* (Méara, Bardas S. Brâs de Alportel),

— Carlos André TELES PAULO DE CARVALHO, *Presidente, Câmara Municipal de Tabuaço* (Méara, Bardas Tabuaço),

agus

(b) mar chomhaltaí malartacha:

— João Maria ARANHA GRILO, *Presidente, Câmara Municipal do Alandroal* (Méara, Bardas Alandroal),

— Cristina Lasalete CARDOSO VIEIRA, *Presidente, Câmara Municipal do Marco de Canaveses* (Méara, Bardas Marco de Canaveses),

— Hugo Manuel DOS SANTOS MARTINS, *Presidente, Câmara Municipal de Odivelas* (Méara, Bardas Odivelas),

— José Manuel GONÇALVES, *Presidente, Câmara Municipal do Peso da Régua* (Méara, Bardas Peso da Régua),

— Rogério David SÁDIO DA SILVA, *Presidente, Câmara Municipal de Fronteira* (Méara, Bardas Fronteira).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Samhain 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

BÓKA J.